CUMANN GAELACH NA hEAGLAISE

The Irish Guild of the Church

Ardteampall Chríost, Baile Átha Cliath 8/ Christ Church Cathedral, Dublin 8

PRAYERS/ PAIDREACHA

GREETING

The Lord be with you
and also with you.
or
Grace, mercy and peace
from God our Father
and the Lord Jesus Christ
be with you all
and also with you

AN BHEANNACHT

Go raibh an Tiarna libh
agus leat féin
nó
Grásta agus trócaire agus síocháin
Ó Dhia ár nAthair
Agus ó Íosa Críost ár dTiarna,
Go raibh libh go léir
agus leat féin

KYRIE

Lord, have mercy.
Christ, have mercy.
Lord, have mercy.

KYRIE

A Thiarna, déan trócaire.
A Chríost, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

THE LORD'S PRAYER

Our Father, who art in heaven,
hallowed be thy name,
thy kingdom come,
thy will be done,
On earth as it is in heaven.
Give us this day our daily bread.
And forgive us our trespasses
as we forgive those who trespass against us.
And lead us not into temptation,
but deliver us from evil.
For thine is the kingdom, the power, and the glory for
ever and ever. Amen.

PAIDIR AN TIARNA

Ár nAthair, atá ar neamh,
go naofar d'ainm,
go dtaga do ríocht,
go ndéantar do thoil
ar talamh mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu.
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin.
Agus ná lig sinn i gcathú,
ach saor sinn ón olc.
Óir is leatsa an ríocht, agus an chumhacht, agus an
ghlóir, trí shaol na saol. Áiméan.

THE GRACE

The grace of our Lord Jesus Christ,
and the love of God, and the fellowship of the Holy
Spirit, be with us all evermore. Amen.

AN tALTÚ

Go raibh grásta ár dTiarna Íosa Críost,
agus grá Dé, agus cumann an Spioraid Naoimh linn go
léir. Áiméan.

GLORY BE TO THE FATHER

Glory be to the Father,
and to the Son, and to the Holy Spirit;
as it was in the beginning,
is now and ever shall be, world without end.
Amen.

GLÓIR DON ATHAIR

Glóir don Athair, agus don Mhac,
agus don Spiorad Naomh;
mar a bhí ar dtús, mar atá anois,
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol.
Áiméan.

READINGS RESPONSE

This is the word of the Lord
Thanks be to God

AG DEIREADH NA LÉACHTA

Sin é Briathar Dé
Buíochas le Dia

PRAYERS OF THE PEOPLE

Lord in your mercy: **hear our prayer**
or
Lord hear us. **Lord, graciously hear us.**

GUÍ AN PHOBAIL

De do thrócaire, a Thiarna**: éist lenár nguí.**
nó
A Thiarna, éist linn: **A Thiarna, bí ceansa agus éist linn**

THE CREED

I believe in God, the Father almighty,
creator of heaven and earth.
I believe in Jesus Christ, God's only Son, our Lord,
who was conceived by the Holy Spirit,
born of the Virgin Mary,
suffered under Pontius Pilate,
was crucified, died and was buried;
he descended to the dead.
On the third day he rose again;
he ascended into heaven,
he is seated at the right hand of the Father,
and he will come again to judge
the living and the dead.
I believe in the Holy Spirit,
the holy catholic Church,
the communion of saints,
the forgiveness of sins,
the resurrection of the body,
and the life everlasting. Amen.

AN CRÉ

Creidim i nDia, an tAthair uilechumhachtach,
cruthaitheoir neimhe agus talaimh.
Creidim in Íosa Críost, Aonmhac Dé, ár dTiarna,
a gabhadh ón Spiorad Naomh,
a rugadh ón Mhaighdean Mhuire,
a d'fhulaing faoi Phontius Píoláit,
a céasadh, a fuair bás, agus a adhlacadh;
chuaigh sé síos go ríocht na marbh.
An tríú lá d'éirigh sé arís ó na mairbh;
chuaigh sé suas ar neamh,
agus tá sé ina shuí ar dheis an Athar,
agus tiocfaidh sé arís chun breithiúnas a thabhairt
ar bheo agus ar mhairbh.
Creidim sa Spiorad Naomh,
sa Naomheaglais chaitliceach,
cumann na naomh,
maithiúnas na bpeacaí,
aiséirí na colainne,
agus an bheatha shíoraí. Áiméan.

NUNC DIMITTIS

The Song of Simeon Luke 2: 29-32
1 Lord, now lettest thou thy servant depart in peace:
according to thy word.
2 For mine eyes have seen thy salvation
which thou hast prepared before the face of all
people;
3 To be a light to lighten the Gentiles
and to be the glory of thy people Israel.

NUNC DIMITTIS

Amhrán Shimeoin Lúcás 2: 29-32
1 Anois atá tú ag scaoileadh do sheirbhísigh uait, a
Thiarna:
de réir d'fhocail, faoi shíocháin.
2 Mar tá mo shúile tar éis do shlánú a fheiceáil:
atá ullamh agat faoi chomhair na bpobal uile.
3 Solas chun na náisiúin a shoilsiú:
agus glóir do phobal Iosrael.

GOING OUT AS GOD'S PEOPLE

The Lord be with you
and also with you.
Let us bless the Lord.
Thanks be to God

AG IMEACHT MAR PHOBAL DÉ

Go raibh an Tiarna libh
Agus leat féin
Beannaímis ainm an Tiarna
Buíochas le Dia.

Cumann Gaelach na hEaglaise: Ag Cothú na Gaeilge i bPobal Eaglais na hÉireann
The Irish Guild of the Church: Promoting Irish in the Church of Ireland
www.gaeleaglais.ie

Material is reproduced from The Book of Common
Prayer under licence number 110401, copyright © RCB 2004.